museum
National Museum of Ireland
Ard-Mhúsaem na hÉireann

Archaeology
Natural History
Decorative Arts & History
Country Life

# ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN
# RÁITIS AIRGEADAIS
## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH
## 31ú NOLLAIG 2021

# AN CLÁR

**1. RÁITEAS AR RIALACHAS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN BHOIRD** ....4
1.1 RIALACHAS .... 4
1.2 FREAGRACHTAÍ AN BHOIRD .... 4
1.3 STRUCHTÚR AN BHOIRD .... 5
1.4 ATHRUITHE AR AN BPRÍOMHPHEARSANRA .... 6
1.5 SCEIDEAL FREASTAIL AGUS COSTAIS CHOMHALTAÍ AN BHOIRD .... 6
1.6 NOCHTAÍ A CHEANGLAÍTEAR FAOIN GCÓD CLEACHTAIS CHUN COMHLACHTAÍ STÁIT A RIALÚ (2016)7
1.7 CAITEACHAS AR THAISTEAL AGUS COTHABHÁIL .... 8
1.8 RÁITEAS COMHLÍONTA .... 8
**2. RÁITEAS AR AN RIALÚ INMHEÁNACH** .... 9
2.1 RAON NA FREAGRACHTA .... 9
2.2 CUSPÓIR AN CHÓRAIS RIALAITHE INMHEÁNAIGH .... 9
2.3 AN CUMAS CHUN RIOSCA A LÁIMHSEÁIL .... 9
2.4 SOLÁTHAR .... 9
2.5 ATHBHREITHNIÚ AR ÉIFEACHTÚLACHT .... 9
**3. TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE** .... 11
3.1 LITIR ÓN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE .... 11
3.2 TUARASCÁIL ÓN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE .... 12
**4. RÁITEAS IONCAIM & CAITEACHAIS & CÚLCHISTÍ IONCAIM FORCHOIMEÁDTA** .... 13
**5. RÁITEAS AR AN IONCAM CUIMSITHEACH** .... 14
**6. RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS** .... 15
**7. RÁITEAS AR SHREAFAÍ AIRGID** .... 16
**8. NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS** .... 17
8.1 BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA .... 17
8.2 IONCAM ÓN OIREACHTAS .... 20
8.3 IONCAM AGUS CAITEACHAS MIONDÍOLA .... 20
8.4 ÁR NACMHAINNÍ FÉIN .... 21
8.5 IONCAM EILE .... 21
8.6 COSTAIS RIARACHÁIN EILE .... 21
COSTAIS ÉADÁLA, BAINISTÍOCHTA AGUS TAISPEÁNA BAILIÚCHÁN .... 22
8.8 ÁITREABH .... 22
8.9 CUNTAS CAIPITIL .... 23
8.10 MAOIN, INNEALRA AGUS TREALAMH .... 23
8.11 INFHÁLTAIS .... 24
8.12 SUIMEANNA INÍOCTHA .... 24
8.13 CEANGALTAIS LÉASA .... 24
8.14 TUARASTAIL .... 25
8.15 COSTAIS SOCHAIR SCOIR .... 26
8.16 FARDAL MIONDÍOLA .... 28
8.17 SÓCMHAINNÍ OIDHREACHTA .... 28
8.18 SOLÁTHAR LE HAGHAIDH ÉILEAMH .... 30
8.19 TEAGMHASACHTAÍ .... 30
8.20 IMEACHTAÍ TAR ÉIS AN DÁTA TUAIRISCITHE .... 30

8.21 NOCHTAÍ Ó PHÁIRTÍ GAOLMHAR ..... 31
8.22 CEADÚ NA RÁITEAS AIRGEADAIS ..... 31

# 1. Ráiteas ar Rialachas agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

## 1.1 Rialachas

Bunaíodh Bord Ard-Mhúsaem na hÉireann faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, agus cuireadh tús leis mar chomhlacht neamhspleách i mí na Bealtaine 2005. Leagtar amach feidhmeanna an Bhoird in alt 11 den Acht seo Tá an Bord cuntasach don Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus tugann sé faoin tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh faoi na príomh-shaincheisteanna gnó go léir. Tá an Stiúrthóir agus an fhoireann Bainistíochta Sinsearaí freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh rialta laethúil Ard-Mhúsaem na hÉireann. Ní mór don Chathaoirleach, Príomhoifigeach agus don fhoireann ardbhainistíochta cloí leis an treo ginearálta straitéiseach a shocraíonn an Bord, agus a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile an Bhoird ar phríomhghníomhaíochtaí agus príomhchinntí na heagraíochta, agus ar aon riosca suntasach a d’fhéadfadh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Stiúrthóir mar theagmhálaí dhíreach idir an Bord agus Ardbhainistíocht Ard-Mhúsaem na hÉireann. Is carthanas cláraithe é Ard-Mhúsaem na hÉireann. Uimhir Charthanais Éireannaigh 20072612, Uimhir Ioncaim Charthanais CHY18764

## 1.2 Freagrachtaí an Bhoird

Leagtar obair agus freagrachtaí an Bhoird amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), ina gcuimsítear, chomh maith, na ceisteanna nach féidir ach leis an mBord cinneadh a dhéanamh orthu.

I measc na mbuanearraí a bhreithníonn an Bord, tá an méid seo a leanas:

- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha feidhmíochta, agus
- ceisteanna forchoimeádta.

Ceanglaítear in Alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997 ar Bhord Ard-Mhúsaem na hÉireann chun gach cuntas cuí agus rialta a choimeád ar airgead a fuair sé nó a chaith sé, i cibé foirm a fhaomhfaidh an tAire Turasóireachta, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar Bhord Ard-Mhúsaem na hÉireann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- breithiúnais agus meastacháin réasúnta stuama a dhéanamh.
- na cuntais a ullmhú ar bonn gnóthais leantaigh, ach amháin más neamhchuí a cheapadh go leanfaidh sé dá ghnó.
- a rá cibé ar cloíodh le caighdeáin infheidhme chuntasaíochta, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád a insíonn tráth ar bith, le cruinneas réasúnta, stádas airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Tá an Bord freagrach as coimeád agus iomláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais, atá ar fáil don phobal trí láithreán gréasáin Ard-Mhúsaem na hÉireann.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh. Pléadadh an plean bliantúil do 2021 agus an buiséad do 2021 agus cheadaigh an Bord iad an 25ú Feabhra 2021. Mar ullmhúchán do scor Bhord AMÉ in Iúil 2021, bunaíodh Grúpa Oibre Eatramach Boird in Eanáir 2021 chun an próiseas trína gcuirfear cúraimí ar na mBord nua a phlé. Rinneadh meastóireacht sheachtrach ar an mBord a sceidealú ina dhá chuid le linn 2021. Le linn na seachtaine deiridh i mí an Mheithimh, iarradh ar chomhaltaí an Bhoird aiseolas a thabhairt ar a gcuid ama mar chomhaltaí den Bhord. Cuireadh tús le meastóireacht sheachtrach ar an mBord nua i Nollaig 2021 agus tugadh chun críche é in Eanáir 2022.

Tá an Bord freagrach, leis, as a shócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais Ard-Mhúsaem na hÉireann léargas fírinneach cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais ag 31ú Nollaig 2021.

## 1.3 Struchtúr an Bhoird

Tá Cathaoirleach agus 12 ghnáthchomhalta sa Bhord agus ceapann Aire na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán iad go léir. Chuir an Bord reatha tús lena dtéarma ar 6ú Iúil 2021 go ceann cúig bliana agus bíonn sé chruinniú ar a laghad aige sa bhliain. Bhí sé chruinniú ag an mBord in 2021.

Amhail ag **31ú Nollaig 2021**, bhí comhaltacht an Bhoird comhdhéanta de:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Catherine Heaney (Cath) | | Paolo Viscardi | |
| Ambrose Loughlin | | Barra O'Donnabháin | An Dr |
| Declan Nelson | | Susan Rogers | An Dr |
| John R Bowen | | Claudia Kinmonth | An Dr |
| Andrew Power | An Dr | Cathal O'Donoghue | An tOllamh |
| Helen Shenton | | Geraldine Sheridan | An tOllamh |
| Linda King | An Dr | | |

Ar an 6 Iúil, athcheapadh na comhaltaí seo a leanas den Bhord do théarma an Bhoird nua:
Catherine Heaney (Cathaoirleach/dhá bhliain), Ambrose Loughlin (cúig bliana), Declan Nelson (dhá bhliain), John R. Bowen (cúig bliana) , an Dr Andrew Power (dhá bhliain). An 30ú Iúil 2021, ceapadh an Dr Claudia Kinmonth, an tOllamh Cathal O'Donoghue agus an tOllamh Geraldine Sheridan ar an mBord.

Tá ceithre choiste bunaithe ag an mBord mar seo a leanas":

**1.** An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca: tá triúr comhaltaí Boird agus beirt chomhaltaí neamhspleácha ar an gcoiste seo. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca tacú leis an mBord maidir lena fhreagrachtaí as ceisteanna gaolmhara riosca, rialaithe agus rialachais agus dearbhaithe. Tá an CIR neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais inmheánacha rialaithe, gníomhaíochtaí iniúchóireachta san áireamh. Déanann an CIR maoirseacht freisin ar cheisteanna acmhainní daonna ag AMÉ. Ba iad comhaltaí an CIR amhail an 31ú Nollaig 2020, an tUasal Ambrose Loughlin (Cathaoirleach), an Dr Andrew Power, an tOllamh Cathal O'Donoghue, an tUasal Michael O'Sullivan (comhalta seachtrach) agus an tUasal Aoife Clabby (comhalta seachtrach). Bhí sé chruinniú ag an CIR i rith 2020. Athcheapadh an tUasal Michael O'Sullivan mar chomhalta seachtrach go ceann trí bliana ón 18ú Meitheamh 2021. D'éirigh an tUasal Declan Nelson as comhaltacht den Choiste tar éis an chéad chruinniú den Bhord reatha ar 30ú Meán Fómhair 2021.

**2.** An Coiste Comhairleach Poiblí Ginearálta Is é seo an t-aon Choiste amháin atá ceangailte go sonrach san Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997 (Alt 23) agus tá gach gné a bhaineann le bailiúcháin agus foghlaim, lena n-áirítear éadálacha, cúram bailiúchán, doiciméadú, taispeántais, digitiú agus foilsiú faoi chúram an choiste seo. Ag an 31ú Nollaig 2020 ba iad comhaltaí an Choiste Chomhairligh Poiblí Ginearálta an Dr Barra O'Donnabhain (Cathaoirleach), Ms Helen Shenton, Mr. John R. Bowen, Mr. Pablo Viscardi, an Dr. Claudia Kinmonth, an tOllamh Geraldine Sheridan, an tOllamh Dibhaí Ó Cronin (comhalta seachtrach), an tOllamh Wayne Modest (comhalta seachtrach) agus an Dr Richard McElligott (comhalta seachtrach). D'éirigh iarchomhaltaí an Choiste, an tOllamh Kathleen James-Chakraborty (Cathaoirleach), an tOllamh Ingrid Hook, an tOllamh Mary O'Dowd, and Ms Judith McCarthy as a gcomhaltacht den Bhord ar 5ú Iúil 2021. D'éirigh an Dr Linda King as comhaltacht den Choiste tar éis an chéad chruinniú den Bhord reatha ar 30ú Meán Fómhair 2021. Athcheapadh an tOllamh Daibhí Ó Cronin mar chomhalta seachtrach i Samhain 2018. Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste i rith 2021.

**3.**An Coiste Caipitil agus Eastát: tá ceathrar comhaltaí Boird agus beirt chomhaltaí neamhspleácha ar an gcoiste. e.Is é ról an Choiste Caipitil agus Eastát maoirseacht a dhéanamh ar thionscadail chaipitil agus ar thionscadail bhonneagair a bhaineann le T.F. de chuid AMÉ. Cuireann an Coiste comhairle agus tacaíocht ar fáil d'Fheidhmeannach AMÉ maidir le tionscadail mháistirphlean AMÉ; go háirithe na limistéir ar a ndírítear laistigh de Cholún 1 den Phlean Straitéiseach 2019-2022. Ba iad comhaltaí an Choiste an 31ú Nollaig 2020 an tUasal John Bowen (Cathaoirleach), an Dr Andrew Power, an tUasal Paolo Viscardi. an tUasal Declan Nelson, an tUasal Donagh Morgan (comhalta seachtrach) agus an tUasal Paul Nolan (comhalta seachtrach). Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste i rith 2021.

**4.** An Coiste Straitéise agus Rannpháirtíochta**:** comhdhéanta de chúigear comhaltaí Boird agus comhalta seachtrach amháin. Is é ról an Choiste Straitéise agus Rannpháirtíochta maoirseacht a dhéanamh sna limistéir seo a leanas: rannpháirtíocht an lucht féachana agus an phobail; forbairt páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe; forbairt tráchtála agus miondíola; forbairt foirne agus eagraíochta AMÉ agus aitheantas agus branda AMÉ. Amhail an 31ú Nollaig, ba iad comhaltaí an Choiste Straitéise agus Rannpháirtíochta an Dr Linda King (Cathaoireach), an Dr Susan Rogers, an Uasal Paolo Viscardi, an tOllamh Geraldine Sheridan, an tOllamh Cathal O'Donoghue agus an tUasal Derek Flynn (comhalta seachtrach). Ba iad comhaltaí an Choiste Straitéise agus Rannpháirtíochta roimhe seo Mrs Mary Crotty, an tOllamh Ingrid Hook, Ms Denise Moroney agus Ms Judith McCarthy a d'éirigh as comhaltacht an Bhoird ón 5ú Iúil 2021. D'éirigh an Dr Barra O'Donnabhain as comhaltacht den Choiste tar éis an chéad chruinniú den Bhord reatha ar 30ú Meán Fómhair 2021. Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste i rith 2021.

**5.** Grúpa Oibre Aistrithe an Bhoird**:** comhdhéanta de chúigear comhaltaí den Bhord. Tionóladh cruinnithe den ghrúpa oibre idir Eanáir agus Meitheamh 2021. Ba é ról Ghrúpa Oibre Aistrithe an Bhoird an phleanáil comharbais a phlé agus aistriú réidh idir dhá théárma an Bhoird a chinntiú. Amhail an 31ú Nollaig 2021, ba iad comhaltaí Ghrúpa Oibre Aistrithe an Bhoird Catherine Heaney (Cathaoirleach), an tOllamh Kathleen James-Chakraborty, an tUasal John R Bowen, an Dr Linda King agus an tUasal Ambrose Loughlin. Bhí trí chruinniú ag Grúpa Oibre Aistrithe an Bhoird in 2021 agus scoireadh an Grúpa Oibre ar an 1ú Meitheamh 2021.

## 1.4 Athruithe ar an bPríomhphearsanra

Chríochnaigh an tOllamh Kathleen James-Chakraborty, Ms Mary Crotty, an tOllamh Mary O'Dowd, an tOllamh Ingrid Hook, Ms Denise Moroney agus Ms Judith McCarthy a dtéarmaí ar an mBord ar 5ú Iúil 2021. Ar 30ú Iúil 2021, ceapadh an tOllamh Geraldine Sheridan, an Dr Claudia Kinmonth agus an tOllamh Cathal O'Donoghue ar an mBord.

## 1.5 Sceideal Freastail agus Costais Chomhaltaí an Bhoird

Liostaítear thíos sonraí faoi chostais taistil agus chothabhála intíre a íocadh le comhaltaí Boird agus cruinnithe ar ar freastalaíodh i rith 2021:

| **Líon Iomlán na gCruinnithe a Tionóladh** | **6** | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Comhalta den Bhord:** | **Costas 2021** | **Bord** | Iniúchóireachta & Riosca | GPAC | Caipitil & Eastáit | Straitéis & Rannpháirtíocht | Aistriú Boird |
| Ms Catherine Heaney (Cathaoirleach) | | 6 | | | | | 3 |
| Ambrose Loughlin | | 6 | 4 | | | | 3 |
| Declan Nelson | €233 | 6 | 3 | | 2 | | |
| John R Bowen | | 5 | | 6 | 5 | | 3 |
| Andrew Power, An Dr | | 6 | 5 | | 5 | | |
| Helen Shenton | | 6 | | 5 | | | |
| Linda King. An Dr | | 6 | | 3 | | 5 | 3 |
| Paolo Viscardi | | 6 | | 5 | 5 | 2 | |
| Barra O'Donnabhain, An Dr | | 6 | | 5 | | 3 | |
| Susan Rogers, An Dr | | 6 | | | | 4 | |
| Claudia Kinmonth., An Dr | €485 | 2 | | | 2 | 1 | |
| Cathal O'Donoghue, an tOllamh | | 2 | 1 | | | 2 | |
| Geraldine Sheridan, an tOllamh | | 2 | | | 2 | 2 | |
| Mary O'Dowd, an tOllamh | | 4 | | | 3 | | |
| Kathleen James-Chakraborty, an tOllamh | | 4 | | | 3 | | 3 |
| Ingrid Hook, an tOllamh | | 4 | | | 3 | 3 | |
| Judith McCarthy | | 3 | | | 3 | 2 | |
| Mary Crotty | | 4 | | | | 2 | |
| Denise Moroney | | 4 | | | | 1 | |
| **Iomlán na Euro** | **€718** | | | | | | |

Níor íocadh aon táillí le comhaltaí Boird i rith 2021. Tabhaíodh costais eile a bhaineann le cruinnithe comhaltaí Boird ar luach iomlán €605 (2020: €1,594) i rith 2021. Den €605 i gcostais, aithníodh €0.00 díobh laistigh de Chaiteachas Fáilteachais arleathanach 9.

Anuas ar chruinnithe foirmiúla Boird agus Coiste a liostaítear thuas, d'fhreastail comhaltaí Boird freisin ar roinnt cruinnithe eile a bhaineann le gnó an Mhúsaeim, agus baineann roinnt de na costais a liostaítear thuas leo seo.

## 1.6 Nochtadh atá riachtanach faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon Ard-Mhúsaem na hÉireann riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (“an Cód”), mar a d’fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Ceanglaítear sa Chód an nochtadh seo a leanas a dhéanamh:

**Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha na bhFostaithe**

Déantar sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe, a sháraíonn €60,000, a aicmiú sna bandaí seo a leanas:

| Raon na sochar fostaí iomlán ag deireadh bliana | | Líon na bhFostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2021** | **2020** |
| € 60,000 - | € 69,999 | 11 | 12 |
| € 70,000 - | € 79,999 | 9 | 8 |
| € 80,000 - | € 89,999 | 4 | 7 |
| € 90,000 - | € 99,999 | 4 | 1 |
| €100,000 - | €109,999 | 0 | 0 |
| €110,000 - | €120,999 | 2 | 1 |

Nóta: Chun críocha an nochtaithe seo, áirítear ar shochair gearrthéarmacha d’fhostaithe i dtaca le seirbhísí a cuireadh ar fáil le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais eile agus íocaíochtaí eile a íocadh leis an bhfostaí ach ní áirítear ann ÁSPC an fhostóra.  Liostaítear líonta fostaithe mar choibhéisí lánaimseartha.

## Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear ar chostais sainchomhairleoireachta comhairle sheachtrach don lucht bainistíochta agus ní áirítear orthu feidhmeanna seachfhoinsithe gnó mar is gnách‘.

| **Costais Sainchomhairleoireachta** | **2021 €** | **2020 €** |
|---|---|---|
| Comhairle Dlí | 0 | 0 |
| Comhairle Airgeadais | 46,654 | 33,791 |
| Caidreamh Phoiblí / Margaíocht | 36,072 | 78,970 |
| Acmhainní Daonna | 0 | 7,200 |
| Feabhsú gnó | 153,387 | 92,222 |
| **Costais Sainchomhairleoireachta - Gearrtha ar Ioncam agus Caiteachas** | 236,113 | 212,183 |

## Saincheisteanna Dlíthiúla agus Ceisteanna Conarthacha

Aithníodh costais dlí €197,757 sa tréimhse thuairiscithe (2020: €103,492). Baineann na costais seo le socraíochtaí agus idir-réiteach agus imeachtaí eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis seo caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle dlí ghinearálta a fuair Ard-Mhúsaem na hÉireann, a nochtar sna Costais Sainchomhairleoireachta thuas.

| | **2021 €** | **2020 €** |
|---|---|---|
| Táillí Dlí – Imeachtaí Dlí | 68,859 | 103,492 |
| Íocaíochtaí Comhréitigh agus Eadrána | 0 | 0 |
| Réitigh (An Ghníomhaireacht um Éilimh Stáit – Gluaiseacht sa Soláthar) | 338 | 94,265 |
| **Iomlán** | **69,197** | **197,757** |

## 1.7 Caiteachas ar Thaisteal agus Cothabháil

| **Déantar caiteachas ar thaisteal agus ar chothabháil a chatagóiriú mar seo a leanas:** | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Intíre -Bord | 718 | 6,201 |
| Intíre -Fostaithe | 40,874 | 48,642 |
| Idirnáisiúnta -Bord | 0 | 973 |
| Idirnáisiúnta -Fostaithe | 7,038 | 4,338 |
| | **48,630** | **60,154** |

| **Caiteachas ar Fháilteachtas** | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Fáilteachas Foirne | 103 | 12,815 |
| Fáilteachas Boird* | 0 | 843 |
| Fáilteachas Neamhfhoirne | 1,295 | 12,854 |
| | **1,398** | **26,512** |

*Áirítear le Fáilteachas an Bhoird costais sólaistí, chóiríochta agus lónadóireachta maidir leis an mBord agus cruinnithe eile Coiste ar fhreastail comhaltaí Boird orthu i rith na bliana. Tionóltar cruinniú Boird amháin amach gach bliain in Ard-Mhúsaem na hÉireann – Saol na Tuaithe, Páirc an Turlaigh, Caisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo. (Níor tionóladh aon chruinniú boird Músaem Saol na Tuaithe in 2021 mar thoradh ar Covid-19, áfach)..

## 1.8 Ráiteas Comhlíonta

Chomhlíon Ard-Mhúsaem na hÉireann riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, amhail a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016, seachas sna cásanna seo a leanas:

- Tar éis athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha an Bhoird, shainaithin an Músaem roinnt saincheisteanna, a tugadh chun solais sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach, agus go háirithe maidir le laigí i limistéir an tSoláthair agus na gCóras Bainistíochta Riosca. Tugadh nósanna imeachta isteach chun dul i ngleic leis na saincheisteanna seo agus leanadh le hiad a chur i bhfeidhm i rith 2021.

**Thar ceann an Bhoird:**

| | |
|---|---|
| ____________________ | ____________________________ |
| Cathaoirleach an Bhoird | Comhalta den Bhord |
| Catherine Heaney | Ambrose Loughlin |
| Dáta: ____________________ | Dáta: ____________________ |

# 2. RÁITEAS AR AN RIALÚ INMHEÁNACH

## 2.1 Raon na Freagrachta

Thar ceann Ard-Mhúsaem na hÉireann, aithním an fhreagracht atá ar an mBord as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á choimeád agus á fheidhmiú. San áireamh sa fhreagracht seo tá riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

## 2.2 Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh in ainm is riosca a bhainistiú i leith leibhéal infhulaingthe, seachas fáil réidh leis. Ní féidir leis an gcóras ach a dhearbhú go réasúnta, seachas go hiomlán, go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá ar aon dul leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm in Ard-Mhúsaem na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 agus a fhad le dáta faofa na ráiteas airgeadais, seachas i gcás na saincheisteanna rialaithe inmheánaigh a dtugtar cuntas orthu thíos.

## 2.3 An Cumas chun Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Riosca agus Iniúchóireachta (CRI) ag Ard-Mhúsaem na hÉireann ina bhfuil triúr comhaltaí Boird, arb é an Cathaoirleach duine díobh, agus beirt chomhaltaí seachtracha, a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta acu. Bhí sé chruinniú ag an CIR in 2021.

Bhunaigh Ard-Mhúsaem na hÉireann feidhm iniúchóireachta inmheánaí, chomh maith, a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige agus a thugann faoi chlár oibre lena gcomhaontaítear leis an CIR.

Leanann an Fhoireann Riosca Shinsearach le hathbhreithniú agus maoirseacht a dhéanamh ar an gcreat bainistíochta riosca in AMÉ. Bíonn cruinnithe ráithiúla acu nó nuair is gá le haon rioscaí agus laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn a shainaithint chun an Clár Rioscaí Eagraíochta a nuashonrú. D'fhorbair an Fhoireann Riosca Shinsearach clár rioscaí eatramhach COVID-19 in 2021 chun déileáil le saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun solais d'fhad na paindéime. Déantar an clár rioscaí seo a athbhreithniú agus a cheadú ag gach cruinniú den CIR.

***Creat Riosca agus Rialaithe***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas:

- rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an chuntasacht chomhfhreagrach,
- tá córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an ardbhainistíocht athbhreithniú leanúnach
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a chinntiú, agus
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

## 2.4 Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Ard-Mhúsaem na hÉireann le comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte reatha soláthair a chinntiú. Mar sin féin, tabhaíodh €520,000 de sholáthar neamhchomhlíontach in 2021 mar gheall ar chonradh a bhí éagtha le haghaidh seirbhísí slándála. Tugadh an comórtas tairiscintí do na seirbhísí seo chun críche i Meitheamh 2021.

## 2.5 Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag Ard-Mhúsaem na hÉireann chun monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann Ard-Mhúsaem na hÉireann ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar eolas ar an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí a dhéanann maoirseacht ar a n-obair, agus an ardbhainistíocht laistigh d'Ard-Mhúsaem na hÉireann atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

Deimhním gur dhein an Bord athbhreithniú bliantúil ar a éifeachtái a bhí na rialuithe inmheánacha do 2021. Athbhreithniú a éifeachtúlacht ag cruinniú de Bhord AMÉ a tionóladh ar an 28ú Aibreán 2021 agus níor tuairiscíodh aon toradh contráilte.

Tá críoch á cur faoi láthair ag an AMÉ le Plean Leanúnachais Ghnó agus Téarnamh ó Thubaiste TF agus á chur i bhfeidhm.

**Breithnithe Rialaithe Inmheánaigh Covid-19**

D'imir tosach phaindéim Covid-19 ó thréimhse luath in 2020 tionchar suntasach ar oibríochtaí ArdMhúsaem na hÉireann, agus chruthaigh sé rioscaí agus dúshláin oibríochtúla, sláinte agus sábháilteachta agus airgeadais. Bhí tionchar ag gníomhaíochtaí nua, tábhacht oibre a athshocú agus brú chun seirbhísí a sholáthar tionchar ar oibríochtaí agus foireann Ard-Mhúsaem na hÉireann. Rinneadh na rioscaí seo a mheasúnú agus a dhoiciméadú ar an gClár Rioscaí agus cuireadh gníomhartha maolaithe i bhfeidhm. Tá monatóireacht leanúnach á déanamh ar na rioscaí agus ar na gníomhartha a theastaíonn. Rinne an Bord measúnú ar na dúshláin a d'eascair as an ngá le rialuithe inmheánacha éifeachtacha a chur i bhfeidhm, agus cuireadh treoir san áireamh a d'eisigh Institiúid Chairte na nIniúchóirí Inmheánacha agus Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá an Bord faoin tuairim nár tháinig aon athrú ábhartha ar oibriú na timpeallachta rialaithe inmheánaigh in Ard-Mhúsaem na hÉireann mar thoradh ar Covid-19.

Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca maoirseacht ar na rudaí seo a leanas:

- Clár Rioscaí ar leith maidir le Covid a chur i dtoll a chéile
- Beartas Cianoibrithe a choimisiúnú agus monatóireacht a dhéanamh ar bhearta rannpháirtíochta foirne
- Monatóireacht bhreise ar oibriú rialuithe inmheánacha

**Thar ceann an Bhoird:**

__________________________

Cathaoirleach an Bhoird

Catherine Heaney

Dáta: ___________________

# 3. Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## 3.1 Litir ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## 3.2 Tuarascáil ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# 4. RÁITEAS IONCAIM & CAITEACHAIS & CÚLCHISTÍ IONCAIM FORCHOIMEÁDTA

## ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN
## RÁITEAS IONCAIM & CAITEACHAIS & CÚLCHISTÍ IONCAIM FORCHOIMEÁDTA DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2021

| | | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Ioncam ón Oireachtas | 2 | 18,922,185 | 18,043,925 |
| Ollbhrabús Oibríochtaí Miondíola | 3 | 106,779 | 53,810 |
| Ioncam óna Acmhainní Féin | 4 | 71,268 | 105,560 |
| Ioncam Eile | 5 | 183,270 | 264,397 |
| **Ioncam Iomlán** | | **19,283,502** | **18,467,692** |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail | 14a | 7,749,083 | 7,727,975 |
| Costais sochair scoir | 15a | 2,929,846 | 2,898,749 |
| Costais riaracháin eile | 6 | 1,370,775 | 1,320,449 |
| Costais éadála, bainistíochta agus taispeána bailiúchán | 7 | 5,126,826 | 3,906,551 |
| Costais reatha Oibríochtaí Miondíola | 3 | 362,812 | 442,421 |
| Caiteachas ar Thionscadail Shonracha a sholáthar | 2 | 1,900,435 | 1,107,541 |
| Caiteachas óna Acmhainní Féin | 4 | 146,897 | 5,650 |
| Costais tionscadail | | 0 | 123,540 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **19,586,674** | **17,532,876** |
| **Glanbharrachas/(Easnamh) Oibriúcháin** | | **(303,172)** | **934,816** |
| Aistriú go Cuntas Caipitil | 9 | (76,234) | 25,771 |
| **(Easnamh)/Barrachas don Bhliain** | | **(379,406)** | **960,586** |
| **Iarmhéid ag 1 Eanáir** | | 1,905,536 | 944,950 |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | 1,526,130 | 1,905,536 |

Baineann an t-ioncam agus an caiteachas go léir don bhliain le gníomhaíochtaí leanúnacha ag dáta an tuairiscithe. Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1-22 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**Thar ceann an Bhoird:**

___________________ ___________________________

Cathaoirleach an Bhoird — Comhalta den Bhord

Catherine Heaney — Ambrose Loughlin

Dáta: ___________________ Dáta: ___________________

# 5. RÁITEAS AR AN IONCAM CUIMSITHEACH

**ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN**
**RÁITEAS AR AN IONCAM CUIMSITHEACH**

**BLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2021**

| **Ráiteas ar an Ioncam Cuimsitheach** | | **2021** | **2020** |
|---|---|---|---|
| **Bliain dar críoch 31 Nollaig 2021** | | **€** | **€** |
| **(Easnamh)/Barrachas don Bhliain** | | **(379,406)** | **960,586** |
| (Caillteanas)/gnóthachan achtúireach ar thaithí | | (93,000) | 1,463,000 |
| (Caillteanas)/gnóthachan achtúireach ar thoimhdí | | (5,950,000) | (1,521,000) |
| **(Caillteanas)/gnóthachan achtúireach iomlán sa bhliain** | **15e** | **(6,043,000)** | **(58,000)** |
| Coigeartú ar chistiú na sochar scoir iarchurtha | | 6,043,000 | 58,000 |
| **Ioncam Cuimsitheach Iomlán don bhliain** | | **(379,406)** | **960,586** |

Tá na nótaí 1 go 22 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**Thar ceann an Bhoird:**

___________________ __________________________

Cathaoirleach an Bhoird Comhalta den Bhord
Catherine Heaney Ambrose Loughlin

Dáta: ___________________ Dáta: ___________________

# 6. RÁITEAS FAOIN STAID AIRGEADAIS

**ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN**
**RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS**
**AMHAIL AR AN 31 Nollaig 2021**

| **Ráiteas faoin Staid Airgeadais** | | **2021** | **2020** |
|---|---|---|---|
| **Bliain dar críoch 31 Nollaig 2021** | | **€** | **€** |
| **Sócmhainní Neamhreatha** | | | |
| Maoin, innealra agus trealamh | 10 | 585,981 | 509,749 |
| | | 585,981 | 509,749 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Fardal Miondíola | 16 | 183,672 | 218,612 |
| Infháltais | 11 | 398,836 | 241,491 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | | 2,749,731 | 2,773,573 |
| | | 3,332,239 | 3,233,677 |
| **Creidiúnaithe:** Méideanna a dhlífear laistigh de bhliain | | | |
| Suimeanna Iníoctha | 12 | (1,806,107) | (1,328,140) |
| **Glansócmhainní reatha** | | 1,526,132 | 1,905,536 |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **2,112,113** | **2,415,285** |
| **Sochair Scoir** | | | |
| Oibleagáidí sochair scoir | 15(d) | (77,300,093) | (68,950,093) |
| Sócmhainn cistithe shochar scoir iarchurtha | 15(b) | 77,300,093 | 68,950,093 |
| **Iomlán na Scmhainní Reatha** | | **2,112,113** | **2,415,285** |
| **Arna n-ionadú ag:** | | | |
| Cuntas Caipitil | 9 | 585,983 | 509,749 |
| Cúlchistí ioncaim coimeádta | | 1,526,130 | 1,905,536 |
| | | **2,112,113** | **2,415,285** |

Tá na nótaí 1 go 22 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**Thar ceann an Bhoird:**

___________________ __________________________

Cathaoirleach an Bhoird Comhalta den Bhord

Catherine Heaney Ambrose Loughlin

Dáta: ___________________ Dáta: ___________________

## 7. RÁITEAS AR SHREAFAÍ AIRGID

**ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN**
**RÁITEAS AR SHREAFAÍ AIRGID**
**BLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2021**

| **Ráiteas ar Shreafaí Airgid** | | |
|---|---|---|
| **Bliain dar críoch 31 Nollaig 2021** | **2021** | **2020** |
| | **€** | **€** |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | |
| (Easnamh)/Barrachas Ioncaim os cionn Caiteachais | (379,406) | 960,586 |
| Aistriú go/(ón) Cuntas Caipitil | 76,234 | (25,770) |
| Dímheas | 233,210 | 269,335 |
| (Laghdú)/Méadú ar Infháltais | (157,345) | 118,264 |
| (Méadú) / laghdú ar Nithe Iníoctha | 477,967 | (354,822) |
| (Laghdú)/Méadú ar Fhardal | 34,942 | (21,933) |
| **Glansreabhadh Airgid Isteach/(Amach) ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **285,602** | **945,660** |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Íocaíochtaí chun maoin, innealra & trealamh a cheannach | (310,254) | (243,565) |
| Sócmhainn sheasta a dhiúscairt | 810 | - |
| **Glanshreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | **(309,444)** | **(243,565)** |
| **Glanmhéadú/(Laghdú) ar Airgead Tirim agus Cóibhéisí Airgid** | **(23,842)** | **702,095** |
| Airgead tirim agus cóibhéisí airgid ag 1 Eanáir | 2,773,573 | 2,071,478 |
| **Airgead tirim agus cóibhéisí airgid ag 31 Nollaig** | **2,749,731** | **2,773,573** |

Tá na nótaí 1 go 22 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

# 8. NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 8.1 Beartais Chuntasaíochta

### 1. Beartais Chuntasaíochta

**a) Eolas Ginearálta**

**Bunú Ard-Mhúsaem na hÉireann**

Bunaíodh Ard-Mhúsaem na hÉireann mar chomhlacht neamhspleách an 3 Bealtaine 2005 faoi fhorálacha an Achta um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997 le Bord agus Stiúrthóir (Príomhfheidhmeannach).

**An Bord**

Tá cathaoirleach agus cúigear gnáthchomhaltaí dhéag sa Bhord agus is iad príomhfheidhmeanna an Bhoird:

'*Bailiúchán de déantáin oidhreachta músaeim a chothabháil, a bhainistiú, a rialú, a chosaint, a chaomhnú, a thaifeadadh, taighde a dhéanamh orthu, agus cur leo ar mhaithe le leas an phobail agus chun eolas maidir leis an saol daonna in Éirinn, stair dhúlra na hÉireann, agus caidrimh na hÉireann le tíortha eile i ndáil leis na gnéithe seo a mhéadú agus a leathadh laistigh agus lasmuigh den Stát*.'

**An Stiúrthóir**

Is iad feidhmeanna an Stiúrthóra, faoi mar a leagtar amach faoi alt 29(3)(*a*) den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, riar agus gnó Ard-Mhúsaem na hÉireann a bhainistiú agus a rialú go ginearálta agus tabhairt faoi na feidhmeanna eile siúd a chinnfidh Bord an Mhúsaeim..

**Maoiniú**

Is é an phríomhfhoinse cistithe d'Ard-Mhúsaem na hÉireann trí dheontas a chuireann an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta ar fáil faoi Alt 27 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Gineann Ard-Mhúsaem na hÉireann ioncam freisin ó roinnt gníomhaíochtaí tráchtála, cosúil le miondíol, cearta grianghrafadóireachta agus macasamhlacha, saincheadúais lónadóireachta, táillí ó fheidhmeanna corparáideacha agus tabhartais agus urraíocht phoibl.

**b) Ráiteas Comhlíonta**

Aonán Sochair Phoiblí é Ard-Mhúsaem na hÉireann.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhlíonadh na reachtaíochta infheidhme, agus FRS 102, an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann a d'eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais sa Ríocht Aontaithe.

**c) An Bonn Ullmhúcháin**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, faoi mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. T Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le comhthoil an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi alt 117(35) den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach sa déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir leis na ráitis airgeadais.

**d) Sócmhainní agus Bailiúcháin Oidhreachta**

Ní aithnítear bailiúcháin Ard-Mhúsaem na hÉireann a fhaightear trí cheannach agus bronntanas mar shócmhainní sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Creideann an Bord gurb amhlaidh mar gheall ar chineál éagsúil na ndéantán atá againn, líon na ndéantán agus an easpa luachanna margaidh inchomparáide, nach bhféadfaí luachálacha cuimsitheacha a fháil ar chostas a bheadh i gcomhréir leis an tairbhe a bheadh ann d'úsáideoirí na ráiteas airgeadais. Leagtar amach i Nóta 17 an nochtadh faoi FRS 102, i gcásanna nach gcaipitlítear sócmhainní oidhreachta.

Tá an chumhacht ag Bord Ard-Mhúsaem na hÉireann bailiúchán na ndéantán oidhreachta sa mhúsaem a mhéadú ar mhaithe le leas an phobail. Cuirtear an caiteachas a thabhaítear maidir le sócmhainní oidhreachta a fháil san áireamh sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coimeádta Ioncaim don bhliain ina bhfaightear iad.

**e) Réadmhaoin, Innealra agus Trealamh**

Taispeántar maoin, gléasra agus trealamh ar a gcostas lúide dímheas carntha.

Caitear sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta maoin, gléasra agus trealamh faoin tairseach caipitlithe €1,000 (ach amháin i gcás sócmhainní Teicneolaíochta Faisnéise faoi bhun €750) i mbliain a gceannaithe.

Gearrtar dímheas sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta ar bhonn líne dírí ar na rátaí bliantúla a leagtar amach thíos, d'fhonn na sócmhainní a dhíscríobh, atá coigeartaithe ar mhaithe le luach iarmharach, thar shaolré ionchasach úsáide gach catagóire cuí.

- Trealamh 20.00%
- Teicneolaíochta faisnéise 33.33%
- Córas Bainistíochta Airgeadais 20.00%
- Troscán Oifige 10.00%
- Sócmhainní a Bhaineann le Taispeántais 20.00%

**f) Aithint Ioncaim**

Cuirtear deontais ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán i gcuntas ar bhonn fabhruithe agus is ionann agus deontais airgid thirim iad a fhaightear sa bhliain. Cuirtear ioncam eile i gcuntas ar bhonn fabhruithe freisin.

**g) Siopaí Miondíola**

Ard-Mhúsaem na hÉireann a oibríonn na Siopaí Miondíola. Déantar an fardal a luacháil trí mhodh an mheánchostais a úsáid.

**h) Cuntas Caipitil**

Déantar deontais Stáit a úsáidtear chun sócmhainní seasta a cheannach a aistriú chuig an gCuntas Caipitil sa bhliain ina dtabhaítear an caiteachas agus cuirtear iad do shochar d'ioncam i gcaitheamh shaolré fhóinteach na sócmhainní lena mbaineann.

Is ionann iarmhéid an Chuntais Caipitil agus na cistí gan amúchadh a úsáidtear chun sócmhainní seasta a fháil.

**i) Sochair d'Fhostaithe**

**a) Sochair ghearrthéarmacha foirne**

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear ar fhigiúr na Nithe Iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais sochair a charntar ag deireadh bliana.

**b) Sochair Scoir**

De réir Alt 33 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, rinneadh Scéim Aoisliúntais Foirne arb éard í ná Príomhscéim agus Scéim ghaolmhar do Chéilí agus Leanaí, a chur faoi bhráid an Aire Turasóireachta, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, lena ceadú ag an Aire agus lena comhthoiliú ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Is scéim pinsin le sochar sainithe í Scéim Aoisliúntais Foirne Ard-Mhúsaem na hÉireann a mhaoinítear go bliantúil ó airgead a chuirtear ar fáil d'Ard-Mhúsaem na hÉireann, an leithdháileadh a fhaightear ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán san áireamh.

Cuirtear san áireamh sna sochair aisce scoir agus pinsean bliantúil, aisce bháis (Príomhscéim) agus pinsean do chéilí agus/nó do chleithiúnaithe (má bhaineann) más rud é go bhfaigheann an comhalta bás roimh a chéile/nó a céile (An Scéim do Chéilí agus Leanaí).

Tagann méadú ar phinsin, de ghnáth, faoi réir fhaomhadh an Aire, ar aon dul le méaduithe ábhartha ar phá atá infheidhme maidir leis an bhfoireann atá ag fónamh. Bíonn na méaduithe pinsin sin éifeachtach ó na dátaí céanna agus méaduithe pá.

Beidh baill foirne nua, a fostaíodh in Ard-Mhúsaem na hÉireann tar éis an 1ú Eanáir 2013, ina gcomhaltaí den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Déanann Ard-Mhúsaem na hÉireann na hasbhaintí riachtanacha ó thuarastail maidir le baill foirne atá

páirteach sa scéim. Aistrítear ranníocaíochtaí fostaí chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar bhonn míosúil i gcomhréir leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Léiríonn na costais phinsin na sochair phinsin atá saothraithe ag an bhfoireann sa tréimhse agus taispeántar iad glan ar na hasbhaintí pinsin foirne nach gcoinníonn Ard-Mhúsaem na hÉireann ach a chuirtear ar ais chuig an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Aithnítear suim atá cothrom leis an táille phinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, agus seach-churtha ag deontais a fuarthas sa bhliain d'fhonn íocaíochtaí pinsin a scaoileadh.

Léirítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn ar dhliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Is ionann dliteanais phinsin agus luach reatha íocaíochtaí pinsin amach anseo a thuill an fhoireann go dtí seo. Is ionann cistiú iarchurtha pinsin agus an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

**j) Léasanna Oibriúcháin**

Aithnítear caiteachas cíosa ar léasaí oibriúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteacha agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe thar thréimhse an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne dhírí thar thréimhse an leása, ach amháin i gcás méaduithe ar chíos atá leis an ráta ionchais boilscithe; sa chás sin aithnítear na méaduithe sin nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasachtaí léasa thar shaolré an léasa.

**k) Deontas Caipitil**

Déileáiltear le deontais de chineál caipitil mar ioncam iarchurtha agus cuirtear iad san áireamh sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta ar na rátaí céanna amhail is a dhéantar dímheas ar na sócmhainní gaolmhara.

**l) Forálacha**

Déanann Ard-Mhúsaem na hÉireann forálacha d'oibleagáidí dlíthiúla agus cuiditheacha, arb eol dó nár comhlíonadh go fóill ag dáta deiridh na tréimhse. Déantar na forálacha seo, go ginearálta, bunaithe ar fhaisnéis stairiúil nó ábhartha eile, agus déantar iad a choigeartú i dtaobh treochtaí a sonraíodh le

déanaí. Meastacháin iad, áfach, ar chostais airgeadais na n-imeachtaí agus d'fhéadfadh nach dtitfidís amach go ceann roinnt blianta. Mar thoradh air seo agus ar an leibhéal éiginnteachta a bhaineann leis

na torthaí deiridh, d'fhéadfadh an toradh féin a bheith an-éagsúil ón toradh sin a rinneadh a mheas.

**m) Breithiúnais agus Meastacháin**

**a) Oibleagáidí Sochair Scoir**

Déantar nuashonrú bliantúil ar na toimhdí taobh thiar de na luachálacha achtúireacha a mbíonn méideanna aitheanta sna ráitis airgeadais ina leith (rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh sa todhchaí, rátaí báis agus treochtaí i gcostais sláinte ar fad ina measc) bunaithe ar staid reatha an gheilleagair, agus aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsean agus iarphinsin. Is féidir go mbeidh tionchar acu seo a leanas ar na toimhdí:

(i) an ráta lascaine, athruithe i ráta brabúis ar bhannaí corparáideacha d'ardchaighdeán
(ii) leibhéil chúitimh sa todhchaí, coinníollacha i margadh an tsaothair
(iii) treorátaí costas cúraim sláinte, ráta an bhoilscithe ar an gcostas leighis sna réigiúin ábhartha.

**b) Sócmhainní Oidhreachta**

D'fheidhmigh an Bord a bhreithiúnas ar an mbonn nach mbeadh an costas maidir le luacháil a fháil ar na hacmhainní oidhreachta go léir i gcomhréir leis na tairbhí a d'eascródh as a leithéid a dhéanamh.

## 8.2 Ioncam ón Oireachtas

| **2. Ioncam ón Oireachtas** | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| **VÓTA NA GNÍOMHAIREACHTA 33 Státchiste: fomhírcheann B10** | **€** | **€** |
| Deontas Reatha Oireachtais | 13,870,000 | 13,151,000 |
| Deontas Caipitil Oireachtais | 1,308,000 | 1,108,000 |
| **Deontais ón Oireachtas do Chuspóirí Sonracha**: | | |
| Ceannach DÉANTÁN | 1,099,682 | - |
| Stóras Ionad Acmhainne na mBailiúchán | 322,260 | - |
| Trealamh Monatóireachta | 83,988 | - |
| Taispeántas Éire san 20ú hAois (2021-2024) | 73,933 | - |
| Clár Ealaíontóra Cónaithe Aonad na gCuimhneachán (2021-2023) | 25,000 | - |
| Deontas A7 Deontas Caipitil Oireachais COVID-19 | 18,102 | 367,898 |
| DECANT Stair an Dúlra | 156,374 | 369,000 |
| Scéim um Maoiniú Bhailiúcháin Digitithe na nDéantán | - | 172,080 |
| Deontas B6 Deontas Caipitil Oireachais COVID-19 | - | 500,000 |
| Deontas do Threalamh Beo-shruthaithe | - | 57,235 |
| Deontas do Chás Gnó Stair an Dúlra 2020/21 | - | 194,495 |
| Éadáil Alison Lowry | - | 58,375 |
| Glanchistiú iarchurtha do phinsin | 2,307,000 | 2,392,093 |
| Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Fostaí a aisíocadh leis an Roinn | (342,154) | (326,251) |
| | **18,922,185** | **18,043,925** |

Aithníodh €1,,779,339 a bhaineann le deontais do thionscadail shonracha sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta in 2021 (2020: €1,107,541).

Tabhaíodh €1,900,435 de chaiteachas iomlán ar thionscadail a mhaoinigh an tOireachtas agus de sin, bhain €322,260 le caiteachas ar shócmainní seasta a caipitlíodh (2020: €57,235). Caiteachas tionscadail taibhithe ina mhíreanna.
Decant Stair an Dúlra €164,928, Covid-19 €33,100 Éadálacha €1,108,237 Trealamh Monatóireachta €83,988 20th Century History of Ireland €125,513 Seilfeanna san Ionad Acmhainne €359,669, Ealaíontóir Cónaithe €25,000

## 8.3 Ioncam agus Caiteachas Miondíola

| **3. Ioncam & Caiteachas Miondíola** | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Díolacháin | 264,666 | 196,603 |
| Costais Díolacháin | (157,887) | (142,793) |
| **Ollbhrabús** | **106,779** | **53,810** |
| Tuarastail | (325,182) | (420,170) |
| Costais riaracháin | (37,630) | (22,251) |
| **Glanbhrabús/(Caillteanas) don bhliain** | **(256,034)** | **(388,611)** |
| Míreanna Eisceachtúla | - | - |

| | | |
|---|---|---|
| **Glanbharrachas / (Easnamh) don bhliain** | **(256,034)** | **(388,611)** |

Ba ghá 3 aonad miondíola a dhúnadh mar gheall ar Covid 19 ag suíomhanna AMÉ as ar lean laghdú ábhartha ar ioncam Miondíola agus réadú caillteanais oibriúcháin laistigh de Mhiondíol. D'íoc párolla AMÉ as costais tuarastail mhiondíola €325,182. Mhaoinigh Oibríochtaí Miondíola na costais sin i mblianta roimhe seo. Laghdaíodh ioncam ónár nAcmhainní Féin freisin mar thoradh ar shuíomhanna AMÉ a dhúnadh.

## 8.4 Ár nAcmhainní Féin

### 4. Ioncam óna Acmhainní Féin

Is ionann Ioncam óna Acmhainní Féin agus ioncam a ghintear trí shaoráidí Ard-Mhúsaem na hÉireann a ligean ar cíos i gcomhair ócáidí agus do chomhdhálacha corparáideacha, lena n-áirítear an t-ioncam a ghintear ó na saincheadúnais lónadóireachta, scannánaíocht, agus cearta grianghrafadóireachta agus macasamhlacha a dhíol.

| | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---:|---:|
| **Ioncam óna Acmhainní Féin** | | |
| Fáilteachas Corparáideach | 1,990 | 3,820 |
| Lónadóireacht | 169 | 25,548 |
| Scannánaíocht | - | 700 |
| Carrpháirceáil | 20,007 | 38,602 |
| Cearta Grianghrafadóireachta agus Macasamhlacha | 9,801 | 15,815 |
| Ioncam ó Imeachtaí agus Turais Threoraithe | 20,000 | - |
| Ioncam Ilghnéitheach | 19,301 | 21,075 |
| | **71,268** | **105,560** |
| **Caiteachas óna Acmhainní Féin** | | |
| Fógraíocht agus Margaíocht | - | (3,482) |
| Sainchomhairleoireacht - Máistirphleanáil | - | (2,625) |
| Oibríochtaí Tráchtála - Aonadchostais Tuarastail | (140,290) | - |
| Costais Eile | (6,607) | 457 |
| **Caiteachas Iomlán** | **(146,897)** | **(5,650)** |
| Glanioncam óna Acmhainní Féin | **(75,629)** | **99,910** |

## 8.5 Ioncam Eile

| **5. Ioncam Eile** | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---:|---:|
| Ioncam ó thionscadai | - | 69,501 |
| Urraíocht do thaispeántais | **150,000** | 157,753 |
| Tabhartais | 33,270 | 37,143 |
| | **183,270** | **264,397** |

## 8.6 Costais Riaracháin Eile

| **6. Costais Riaracháin Eile** | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---:|---:|
| Teicneolaíochta Faisnéise | 365,769 | 317,154 |
| Taisteal agus cothabháil | 40,434 | 45,829 |
| Costais an Bhoird | 1,323 | 9,452 |
| Foireann agus Sainchomhairleoireacht ar Conradh | 196,374 | 267,811 |
| Riarachán Ginearálta | 158,571 | 108,400 |
| Costais Oiliúna | 152,732 | 119,056 |
| Costais Acmhainní Daonna | 70,558 | 55,150 |
| Páipéarachas agus Soláthairtí Oifige | 5,880 | 5,301 |
| Táillí Iniúchta | 29,600 | 30,000 |
| Iniúchadh Inmheánach | 9,250 | 23,205 |
| Méadú/(Laghdú) ar Sholáthar d'Éilimh | 21,060 | (32,938) |
| Brabús/Caillteanas ar shócmhainní seasta a dhiúscairt | 810 | - |
| Muirear Dímheasa | 233,210 | 269,335 |
| Teileachumarsáid | 85,204 | 102,694 |

| | | |
|---|---|---|
| | **1,370,775** | **1,320,449** |

## Costais éadála, bainistíochta agus taispeána bailiúchán

| **7. Costais éadála, bainistíochta agus taispeána bailiúchán** | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| **Caiteachas ar Sheirbhísí** | **€** | **€** |
| Tacaíocht do Thaispeántais | 319,779 | 117,853 |
| Margaíocht agus Fógraíocht | 286,553 | 244,712 |
| Fóntais – lena n-áirítear Táillí Téimh, Soilsithe agus Uisce | 951,133 | 759,053 |
| Slándáil | 766,040 | 754,999 |
| Cothabháil agus Glanadh | 333,935 | 280,923 |
| Postas agus Cumarsáid | 8,975 | 6,942 |
| arsáid 6,942 18,172 | | |
| Cláir Oideachais | 230,793 | 212,327 |
| Iompar agus Tarlú | 13,084 | 15,988 |
| Comharthaíocht | 3,138 | - |
| Grianghrafadóireacht | 21,470 | 8,801 |
| Trealamh agus Soláthairtí Oifige | - | 3,096 |
| Cíos | 733,796 | 550,053 |
| Dearadh | - | - |
| | 3,668,696 | 2,954,747 |
| **Caiteachas ar Bhailiúcháin** | | |
| Imscrúduithe/Taighde | 23,845 | 17,699 |
| Leabharlann | 51,694 | 53,123 |
| Oibreacha Caomhantais | 28,275 | 15,018 |
| Foilseacháin Acadúla | 71,636 | 70,253 |
| Cartlanna/Cáipéisíocht | 469,096 | 309,744 |
| Soláthairtí Caomhantais | 37,289 | 42,188 |
| Stóras | 524,250 | 305,951 |
| | 1,206,085 | 813,976 |
| **Déantáin/Eiseamail a Cheannach** | | |
| Déantáin a Cheannach | 226,102 | 75,735 |
| Déantáin a Cheannach – Maoinithe | - | - |
| Luaíochtaí Aimsitheoirí | 16,375 | 60,427 |
| Eiseamail a Cheannach | 416 | 335 |
| Costais Ilghnéitheacha | 9,152 | 1,331 |
| | 252,045 | 137,828 |
| **Costais iomlán a bhaineann le bailiúcháin a cheannach, a chaomhnú, a bhainistiú agus a thaispeáint** | **5,126,826** | **3,906,551** |

## 8.8 Áitreabh

**8. Áitreabh**

Tá Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí freagrach as soláthar seirbhísí chun na foirgnimh a thógáil agus a chothabháil (foirgnimh áitithe agus neamháitithe) atá ar léas agus/nó atá faoi úinéireacht an Ard-Mhúsaeim. Ní chuirtear fóntais san áireamh leis seo. Íoctar as na costais a bhíonn i gceist ón Vóta do Choimisinéirí na nOibreacha Poiblí. Cuirtear na háitribh seo a leanas ar fáil ar cíos saor in aisce don Mhúsaem.

- Ard-Mhúsaem na hÉireann – Ealaíona Maisiúla & Stair, Dún Uí Choileáin, Baile Átha Cliath 7
- Ard-Mhúsaem na hÉireann - Seandálaíocht, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2
- Ard-Mhúsaem na hÉireann – Stair an Dúlra, Sráid Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2
- Ard-Mhúsaem na hÉireann – Saol na Tuaithe, Páirc Thurlaigh, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo
- Áis stórála ag an iar-Scoil Saothair ag an Daingean, Contae Uíbh Fhailí.
- Áis stórála ag Tor an Bhacaigh, Baile Átha Cliath 2.
- Áitreabh Cóireála Bailiúchán, Béal Átha Liag, Co. Ros Comáin. Tá an t-áitreabh seo in úsáid agus curtha ar fáil ag Bord na Móna saor ó chíos

Ina theannta sin, tá áitreabh sa Lárionad Acmhainní Bailiúchán i Sord, Contae Bhaile Átha Cliath, ar léas ag an Músaem (féach Nóta 13).

## 8.9 Cuntas Caipitil

| **9. Cuntas Caipitil** | **2021** | **2020** |
| --- | --- | --- |
| | **€** | **€** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 509,749 | 535,520 |
| **Aistrith ó/(chuig)** an Ráiteas ar Ioncam & Caiteachas agus Cúlchistí Forchoimeádta Ioncaim | | |
| Le ceannacháin maoine, gléasra agus trealaimh a mhaoiniú | 310,254 | 243,564 |
| Amúchadh ar aon dul le dímheas sócmhainní | (233,210) | (269,335) |
| An méid réadaithe ar mhaoin, gléasra agus trealamh a dhiúscairt | (810) | - |
| | 76,234 | (25,771) |
| **Iarmhéid ag 31ú Nollaig** | **585,983** | **509,749** |

## 8.10 Maoin, innealra agus trealamh

| **10. Maoin, innealra agus trealamh** | | | | | **2021** |
| --- | --- | --- | --- | --- | --- |
| | Trealamh | Teicneolaíocht a Faisnéise | Troscán | Sócmhainní Taispeána | Iomlán |
| **Coastas nó Luacháil** | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| Iarmhéid tosaigh | 2,995,382 | 2,140,510 | 805,829 | 3,623,061 | 9,564,782 |
| Breiseanna | 158,586 | 115,154 | 5,826 | 30,689 | 310,254 |
| Diúscairtí | (282,473) | (115,167) | (129,608) | (6,430) | (533,678) |
| Iarmhéid deiridh | 2,871,495 | 2,140,497 | 682,047 | 3,647,320 | 9,341,357 |
| **Dímheas Carnach** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 2,931,649 | 1,908,949 | 796,815 | 3,417,620 | 9,055,033 |
| Muirir dímheasa don tréimhse | 35,219 | 118,796 | 1,902 | 77,293 | 233,210 |
| Diúscairtí | (282,473) | (114,357) | (129,608) | (6,430) | (532,867) |
| Iarmhéid deiridh | 2,684,395 | 1,913,388 | 669,109 | 3,488,483 | 8,755,376 |
| **Glanluach na Leabhar** | | | | | |
| **Iarmhéid deiridh ag 31ú Nollaig 2021** | **187,100** | **227,109** | **12,938** | **158,837** | **585,981** |
| **Amhail 31 Nollaig 2021** | 63,734 | 231,562 | 9,013 | 205,441 | 509,749 |

Úsáideann Ard-Mhúsaem na hÉireann talamh agus foirgnimh, ar leis an Stát iad agus a ndéanann Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí cothabháil orthu, saor in aisce.

**Comparáidí leis an mBliain Roimhe**: Sócmhainní Seasta - Maoin, Gléasra & Trealamh

| | | | | | **2020** |
| --- | --- | --- | --- | --- | --- |
| | Trealamh | Teicneolaíocht a Faisnéise | Troscán | Sócmhainní Taispeána | Iomlán |
| **Coastas nó Luacháil** | € | € | € | € | € |
| Iarmhéid tosaigh | 2,973,876 | 1,931,451 | 805,829 | 3,610,062 | 9,321,218 |
| Breiseanna | 21,506 | 209,059 | - | 12,999 | 243,564 |
| Diúscairtí | - | - | - | - | - |
| Iarmhéid deiridh | 2,995,382 | 2,140,510 | 805,829 | 3,623,061 | 9,564,782 |
| **Dímheas Carnach** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 2,908,932 | 1,807,047 | 794,911 | 3,274,808 | 8,785,698 |
| Muirir dímheasa don tréimhse | 22,716 | 101,902 | 1,905 | 142,812 | 269,335 |
| Diúscairtí | - | - | - | - | - |
| Iarmhéid deiridh | 2,931,648 | 1,908,949 | 796,816 | 3,417,620 | 9,055,033 |
| **Glanluach na Leabhar** | | | | | |
| **Iarmhéid Deiridh ag 31 Nollaig 2020** | 63,734 | 231,562 | 9,013 | 205,441 | 509,749 |
| **Amhail ar an 31 Nollaig 2019** | **64,943** | **124,404** | **10,918** | **335,254** | **535,520** |

## 8.11 Infháltais

| 11. Infháltais | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Réamhíocaíochtaí | 314,826 | 229,770 |
| Cuntais Infhála | 51,725 | 3,967 |
| Scéimeanna Fostaithe (Pas Taistil etc.) | 32,285 | 7,755 |
| | **398,836** | **241,491** |

## 8.12 Suimeanna Iníoctha

| 12. Suimeanna Iníoctha | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Creidiúnaithe: Méideanna a dhlífear laistigh de bhliain** | | |
| Creidiúnaithe Trádála | 105,159 | 60,791 |
| Soláthar d'Éilimh | 232,020 | 231,682 |
| Fabhruithe | 1,005,969 | 567,724 |
| Fabhrú Pá Saoire | 216,485 | 276,654 |
| CBL | 37,497 | 3,236 |
| **Asbhaintí párolla:** | | |
| ÍMAT/ÁSPC | 208,977 | 188,053 |
| Eile | - | - |
| | **1,806,107** | **1,328,140** |

## 8.13 Ceangaltais Léasa

**13. Gealltanais i ndáil le léasaí**

Tá ceangaltais de €650,000 (2017: €650,000) ar AMÉ iníoctha laistigh den chéad dá mhí dhéag atá romhainn ar oibleagáid chíosa 20 bliain le haghaidh Lárionad Acmhainní na mBailiúchán i Sord, Co. Bhaile Átha Cliath, ar léas a thosaigh an 17 Meán Fómhair 2010. Tá Lárionad Acmhainní na mBailiúchán i Sord foligthe le AMÉ ar chíos bliantúil de €1,000,000 ó Oifig na nOibreacha Poiblí. Soláthraíonn Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí fóirdheontas bliantúil €350,000.

Faoin gcomhaontú léasa, bhí athbhreithniú cíosa cúig bliana dlite ar an 17 Meán Fómhair 2020 agus tá idirbheartaíocht ar siúl faoi láthair chun cíos an Ionaid amach anseo a chinneadh. Áirítear sna Ráitis Airgeadais don bhliain reatha meastachán do mhéadú ar an gcíos don tréimhse 31 Nollaig 2021 ar feitheamh ar chríoch na hidirbheartaíochta.

Seo a leanas na híocaíochtaí íosta léasa iomlána amach anseo faoi léasanna oibriúcháin dochealaithe:

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Tráth nach déanaí ná Bliain Amháin | 650,000 | 650,000 |
| Níos déanaí ná Bliain Amháin ach tráth nach déanaí ná Cúig Bliana | 2,600,000 | 2,600,000 |
| Níos déanaí ná Cúig Bliana | 2,413,014 | 3,063,041 |
| | **5,663,014** | **6,313,041** |

## 8.14 Tuarastail

| **14. Tuarastail** | **2021** | | **2020** | |
|---|---|---|---|---|
| | **Oibríochtaí an Mhúsaeim** | **Siopaí an Mhúsaeim** | **Oibríochtaí an Mhúsaeim** | **Siopaí an Mhúsaeim** |
| **a) Sochair Fostaithe Chomhiomlána** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| Sochair ghearrthéarmacha foirne | 7,069,799 | 295,564 | 7,024,376 | 381,957 |
| Sochair foirceannta | - | - | - | - |
| Ranníocaíocht an fhostóra le leas sóisialach | 679,284 | 29,618 | 703,599 | 38,212 |
| | 7,749,083 | 325,182 | 7,727,975 | 420,169 |
| **b) Sochair ghearrthéarmacha foirne** | | | | |
| | **€** | **€** | **€** | **€** |
| Bunphá | 6,878,743 | 283,568 | 6,862,649 | 368,891 |
| Ragobair | 21,738 | 7,892 | 13,328 | 9,064 |
| Liúntais | 169,319 | 4,105 | 148,399 | 4,002 |
| | 7,069,800 | 295,564 | 7,024,376 | 381,957 |
| **c) Sochair foirceannta** | | | | |
| | **€** | **€** | **€** | **€** |
| Sochair foirceanta a gearradh ar I&C | - | - | - | - |
| | - | - | - | - |

| **Tuairisciú Fhoireann an Mhúsaeim** | **2021** | **CLA** | **2020** | **CLA** |
|---|---|---|---|---|
| Foireann an Mhúsaeim a fostaíodh | 164 | 158.18 | 158 | 151.00 |
| Miondíol an Mhúsaeim agus Foireann a Acmhainní Féin | 11 | 9.15 | 16 | 12.65 |
| **FOIREANN IOMLÁN a fostaíodh** | **175** | | **174** | |

**CLA** * *Poist Choibhéiseacha Lánaimseartha*

**d) Príomhbhainisteoirí**

Is éard atá sa phríomhbhainistíocht an Stiúrthóir, Ceann na mBailiúchán agus na Foghlama agus Ceann na nOibríochtaí. Tá Ceann na mBailiúchán ar shos gairme faoi láthair ó mhí Feabhra 2019. Ceapadh an Ceann Bailiúchán agus Foghlama Gníomhach reatha in Aibreán 2019.

Leagtar amach thíos luach iomlán shochair na bhfostaithe i measc na bpríomhbhainisteoirí:

| | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Tuarastail | 283,635 | 272,024 |
| Liúntais | 24,783 | 20,303 |
| | **308,418** | **292,327** |

Ní áirítear leis seo luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Comhaltaí de scéim aoisliúntais le sochar sainithe na hearnála poiblí iad na príomhbhainisteoirí agus ní sháraíonn a dteidlíochtaí ina leith sin téarmaí scéim pinsin seirbhíse samhla na hearnála poiblí.

Is iad teidlíochtaí aoisliúntais an Stiúrthóra teidlíochtaí caighdeánacha samhailscéim pinsin na hearnála poiblí le sochar sainithe agus ní sháraíonn na teidlíochtaí ina leith sin téarmaí samhailscéim pinsin seirbhíse na hearnála poiblí.

| e) Tuarastal agus Sochair an Stiúrthóra | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Bunphá | 119,405 | 114,590 |
| Sochar comhchineáil | - | - |
| | 119,405 | 114,590 |

| Thabhaigh Stiúrthóir an Mhúsaeim na costais seo a leanas i rith 2021 | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Costais an Stiúrthóra** | 3,642 | 1,942 |
| | 3,642 | 1,942 |

## 8.15 Costais Sochair Scoir

### 15. Costais sochair scoir

**a) Anailís ar na costais iomlána sochar scoir a gearradh ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta**

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Costas reatha seirbhíse | 2,702,000 | 2,540,000 |
| Ús ar dhliteanas scéime sochair scoir | 570,000 | 685,000 |
| Ranníocaíochtaí na bhFostaithe | (342,154) | (326,251) |
| | **2,929,846** | **2,898,749** |

**b) Glanchistiú iarchurtha do phinsin**

Aithníonn AMÉ suim €77,300,093 2029 €68,950,093) mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas sochair scoir neamhchistithe iarchurtha ar bhonn roinnt imeachtaí roimhe seo. Áirítear leis na himeachtaí seo, an bonn reachtúil le bunú na scéime sochair scoir agus an beartas agus an cleachtas i dtaca le sochair scoir seirbhíse poiblí a chistiú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fjostaithe agus an próiseas bliantúil meastachán. Níl aon fhianaise ag AMÉ nach leanfaidh an beartas cistithe seo chun íoc as na suimeanna siúd faoi mar a bhíonn siad dlite i gcomhréir leis an gcleachtas reatha.

**c) Cistiú iarchurtha do shochair scoir**

Ba é seo a leanas an glanchistiú iarchurtha le haghaidh sochair scoir a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Coimeádta:

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Cistiú atá in-aisghafa maidir le costais sochair scoir na bliana reatha | 3,272,000 | 3,225,000 |
| Deontas stáit a úsáideadh chun sochair scoir a íoc | (965,000) | (832,907) |
| | **2,307,000** | **2,392,093** |

Ba é €77,300,093 an tsóchaminn maoinithe iarchurtha le haghaidh pinsean ag 31 Nollaig 2021 (2020: €68,950,093).

| **d) Gluaiseacht in nglanoibleagáidí sochair pinsin sa bhliain airgeadais** | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Glan-oibleagáid sochair scoir ag 1 Nollaig | (68,950,093) | (66,500,000) |
| Costas reatha seirbhíse | (2,702,000) | (2,540,000) |
| Costais úis | (570,000) | (685,000) |
| (Caillteanas)/gnóthachan achtúireach ar thaithí | (93,000) | 1,463,000 |
| (Caillteanas)/gnóthachan achtúireach ar thoimhdí | (5,950,000) | (1,521,000) |
| Pinsin a íocadh sa bhliain | 965,000 | 832,907 |
| | **(77,300,093)** | **(68,950,093)** |

**e) Cur síos Ginearálta ar an Scéim**

Socrú pinsin tuarastail deiridh le sochar sainithe is ea an phríomhscéim pinsin atá á feidhmiú ina sainítear sochair agus ranníocaíochtaí agus tagairt á déanamh do rialacháin reatha na "samhail"-scéime earnála poiblí.

Soláthraíonn an scéim pinsean (an t-ochtódú cuid de gach bliain seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh gach bliain seirbhíse) agus pinsin chéile agus leanaí. Is í gnáthaois scoir comhalta a mbreithlá 65 bliain, agus tá teidlíocht ag comhaltaí atá na gcomhaltaí ó thréimhse roimh 2004 dul ar scor gan laghdú achtúireach a chur i bhfeidhm ó aois 60.

Tagann méadú ar phinsin, de ghnáth, faoi réir fhaomhadh an Aire, ar aon dul le méaduithe ábhartha ar phá atá infheidhme maidir leis an bhfoireann atá ag fónamh. Bíonn na méaduithe pinsin sin éifeachtach ó na dátaí céanna agus méaduithe pá.

Leanfar de shochair phinsin a íoc as an vóta le haghaidh Aoisliúntas agus Liúntais Scoir i leith baill foirne a chuaigh ar scor roimh an dáta bunaithe, an 3 Bealtaine 2005

Íocfar sochair phinsin i leith baill foirne a chuaigh ar scor tar éis an dáta bunaithe iníoctha, de réir an Achta um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997 agus tá siad iníoctha ag Ard-Mhúsaem na hÉireann. Tá soláthar déanta sna ráitis airgeadais seo i gcomhair na gcostas sin.

I gcás fostaithe a chuaigh isteach san earnáil phoiblí tar éis an 1 Eanáir 2013, tá Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí i bhfeidhm.

Is Scéim Pinsin le Sochar Sainithe ar Meán i gcaitheamh na Gairme í an Scéim Seirbhíse Poiblí Aonair. Tá sochair scoir mar bhall den Scéim bunaithe go príomha ar chéatadán de thuilleamh inphinsin i rith na tréimhse gairme sa tseirbhís phoiblí.

I gcás gach tréimhse pá ina ndéantar ranníocaíochtaí leis an Scéim, beifear ag cur leis an méid i dtreo sochair scoir. Is é iomlán na suimeanna seo ag tráth an scoir, roinnt coigeartuithe san áireamh le haghaidh méaduithe ar bhoilsciú do na suimeanna a tuilleadh ní ba luaithe sa ghairm bheatha, a chinneann cé mhéad a bheidh sna sochair scoir.

Is é an gnáthaois scoir faoin Scéim an aois chéanna leis an aois ar ar féidir le fostaithe an Pinsean Stáit (Ranníocach) a éileamh ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Is é an aois scoir nua uasta d'fhostaithe ar comhaltaí den Scéim Pinsin Aonair iad 70 bliain.

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtuithe FRS102 ar luacháil iomlán achtúireach a rinne achtúire cáilithe neamhspleách an 1 Márta 2022 ag cur riachtanais an FRS san áireamh chun dliteanais na scéime amhail ag an 31 Nollaig 2021 a mheas.

| **Seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha:** | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| Ráta lascainithe | 1.20% | 0.8% |
| An Ráta Méadaithe ar Thuarastail | 3.50% | 2.50% |
| An Ráta Méadaithe ar Phinsin atá á n-íoc | 3.00% | 2% |
| Ráta boilscithe | 2.00% | 1.75% |

Cuireann an bonn mortlaíochta a glacadh feabhsúcháin ar ionchas saoil le himeacht ama san áireamh. Léirítear sa tábla thíos an t-ionchas saoil le haghaidh comhaltaí atá 65 bliain d'aois in 2021 agus 2041.

| **An bhliain a bhaintear aois 65 amach** | **2021** | **2041** |
|---|---|---|
| Ionchas saoil - fir | 21.8 | 24.1 |
| Ionchas saoil - mná | 24.2 | 26.2 |

## 8.16 Fardal Miondíola

| **16. Fardal Miondíola**<br>Déantar an fardal a luacháil trí mhodh an mheánchostais a úsáid. | **2021**<br>**€** | **2020**<br>**€** |
|---|---|---|
| Stoc na Siopaí | 272,510 | 303,561 |
| Cúlchiste Dífheidhmeachta Stoic Shiopa | (88,838) | (84,949) |
| | 183,672 | 218,612 |

## 8.17 Sócmhainní Oidhreachta

**17. Sócmhainní Oidhreachta**

Faoi mar a dtugtar cuntas air i mBeartas Cuntasaíochta 1(d), ní chuirtear luach Bhailiúcháin an Mhúsaeim san áireamh sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Aithníonn an Músaem gur leis an Stát na sócmhainní oidhreachta faoi Alt 4 den Dublin Science and Art Museum Act, 1877, agus gurb é an Músaem caomhnóir na sócmhainní oidhreachta seo faoi fhorálacha an Achta um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997.

**(a) Cineál agus scála an bhailiúcháin**

**Déanann ceithre rannán bailithe ar leith coimeádaíocht ar bhailiúchán Ard-Mhúsaem na hÉireann:**

**Rannán Ársaíochtaí na hÉireann**

Is é an Músaem an príomhstór náisiúnta do sheaniarsmaí na hÉireann, ag síneadh ón ré Mhéisiliteach ar aghaidh go dtí deireadh na Meánaoise.

Bunaithe ar bhailiúcháin a chuir Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath agus Acadamh Ríoga na hÉireann i dtoll a chéile ag deireadh na 18ú haoise agus na 19ú haoise, tá méadú as cuimse tagtha ar na bailiúcháin seandálaíochta le céad bliain anuas agus tá anois níos mó ná dhá mhilliún déantán iontu. Tá méid, éagsúlacht agus cáilíocht shuntasach ag baint leis an mbailiúchán: aithnítear go bhfuil tábhacht idirnáisiúnta le réimsí ar leith de – na bailiúcháin réamhstaire óir; miotalóireacht eaglasta agus ornáidí pearsanta na luath-meánaoise; agus bailiúchán Lochlannach Bhaile Átha Cliath.

Meastar gur maoin de chuid an Stáit iad aon déantáin seandálaíochta a fhaightear in Éirinn faoi théarmaí Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 go 2004 – lena n-áirítear iad siúd a fhaightear le linn tochailtí seandálaíochta. Tá an bailiúchán lárnach ag fás go tapa i gcaitheamh an ama, de bharr fionnachtana a fuarthas de thimpiste agus tochailtí móra seandálaíochta araon.

Tá bailiúcháin shuntasacha i seilbh an Rannáin de dhéantáin Chlasaiceacha agus Éigipteacha mar aon le bailiúchán beag de sheaniarsmaí Eorpacha. Bailíodh bailiúcháin Eitneagrafaíocha an Rannáin go príomha sa tréimhse idir 1760 agus 1914 agus léiríonn siad réimse cultúr éagsúil. Tá ábhar ón bPolainéis, ón Meilinéis, ón Micrinéis, ó Mheiriceá Thuaidh agus Theas, Iarthar agus Deisceart na hAfraice agus ó Dheisceart agus Oirthear na hÁise sna bailiúcháin.

**An Rannán Ealaíne agus Tionscail**

Léirítear i mbailiúcháin an Rannáin seo na healaíona Éireannacha maisiúla agus feidhmeacha (gloine, ceirmeacht, troscáin agus gréithe airgid ina measc) mar aon le stair eacnamaíoch, shóisialta, thionsclaíoch, pholaitiúil agus mhíleata na hÉireann le trí chéad bliain anuas. Tá méid suntasach ábhar a léiríonn Éirí Amach na Cásca 1916 agus imeachtaí polaitiúla agus sóisialta ina dhiaidh sin i seilbh an Rannáin. Coimeádtar ann freisin bailiúcháin d'Ealaíona Maisiúla na hÉireann, na hEorpa agus an Oirthir, a thugann tuiscint ar dhearadh agus cultúr idirnáisiúnta agus mar a bhaineann siad le hÉirinn. Meastar go bhfuil 150,000 déantán sna bailiúcháin Ealaíne agus Tionscail.

**Rannán Shaol na Tuaithe**

Léirítear i mbailiúcháin an Rannáin seo saol traidisiúnta na hÉireann, ina bhfuil béim ar leith ar shaol tuaithe na hÉireann. Tá déantáin san áireamh a bhaineann le talmhaíocht, le hiascaireacht, agus le sealgaireacht, le héadaí, le hailtireacht, le troscán dúchasach, le ceirdeanna agus ceardaíocht, le hiompar, le spóirt agus fóillíocht, le reiligiún, le miotalóireacht bhaile agus le hábhar a bhaineann le bia, le gloine, le ceirmeacht, le tuí, le féar agus le caoladóireacht, le hoideachas, le ceol, le nósanna féilire agus le gníomhaíocht thráchtála. Tá timpeall 35,000 déantán ann.

Sa bhliain 2001, fuair Rannóg Shaol na Tuaithe baile nua ag Teach Pháirc Thurlaigh lasmuigh de Chaisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo, nuair a osclaíodh Ard-Mhúsaem na hÉireann – Saol na Tuaithe. Bogadh an chuid is mó de bhailiúcháin Shaol na Tuaithe ann, cé go bhfuil cuid acu fós i dtaisce sa Daingean i gCo. Uíbh Fhailí á n-aistriú go dtí an Ionad Acmhainne na mBailiúchán i Sord, Co.

**Rannán Stair an Dúlra**

Tugann an Rannóg aire do bhailiúcháin an Stáit i ndisciplíní na zó-eolaíochta, na feithideolaíochta agus na geolaíochta. (Aistríodh bailiúcháin luibheolaíocha an Mhúsaeim go Garraithe Náisiúnta na Lus i 1970). Tá tuairim is dhá mhilliún eiseamal sna bailiúcháin. Is é an bailiúchán feithidí an ceann is mó de na bailiúcháin, i dtéarmaí uimhreacha, arb ionann é agus thart ar leath de na heiseamail go léir. Cuireadh na bailiúcháin seo i dtoll a chéile in imeacht dhá chéad bliain. Is é Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath (RDS) a bhunaigh an músaem san 18ú haois agus a thosaigh ag bailiú eiseamal. Úsáideann an fhoireann agus cuairteoirí taighde na bailiúcháin mar acmhainn tagartha, agus tá ról tábhachtach acu maidir le heiseamail a aithint mar lotnaidí feithidí a bhféadfadh tábhacht eacnamaíoch nach beag a bheith leo.

**(b) Beartas an Ard-Mhúsaeim i dtaca le héadálacha, bainistíocht an chomhaontais agus diúscairt:**

Faoi théarmaí an (Alt 11(1)) *Achta um Fhorais Chultúir Náisiúnta 1997* (Alt 11 (1)) "is iad príomhfheidhmeanna an Bhoird bailiúcháin déantán oidhreachta an mhúsaeim a chothabháil, a bhainistiú, a rialú, a chosaint, a chaomhnú, a thaifeadadh, a thaighde agus a mhéad, chun leasa an phobail agus chun eolas ar shaol an duine in Éirinn, ar stair an dúlra in Éirinn agus ar chaidreamh mhuintir na hÉireann sa mhéid seo le tíortha eile a mhéadú agus a scaipeadh sa Stát agus lasmuigh de."

***Ceannach*** - Ag cur sainchúram náisiúnta Ard-Mhúsaem na hÉireann san áireamh, go ginearálta comhlíonfaidh na déantáin a gheofar ceann amháin nó gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

- Tábhacht náisiúnta a bheth leis
- Cumas taispeána a bheith aige
- A bheith iniúsáidte chun taighde agus chun oideachais
- A bheith ina dhéantán, a líonfaidh bearna sa bhailiúchán.

Ní bhfaighidh an músaem, cibé acu trí cheannach, bronntanas, tiomnacht nó malartú, aon déantán nó eiseamal mura deimhin leis an údarás ceannais nó an t-oifigeach freagrach gur féidir leis an Músaem, thar ceann an Stáit, teideal bailí chun an déantán i gceist a fháil, agus go háirithe nach bhfuarthas ina thír thionscnaimh, nó nár onnmhairíodh uaithi, é (nó in aon tír idirmheánach ina bhféadfadh sé a bheith faoi úinéireacht dhlíthiúil) de shárú ar dhlíthe na tíre sin. (Chun críoch na míre seo folaíonn 'tír thionscnaimh' Éire.) Déanfar gach éadáil a dhoiciméadú de réir dea-chleachtas músaeim.

***Caomhnú*** – Tá polasaí caomhantais an Mhúsaeim bunaithe ar mheascán de chaomhnú coisctheach agus de chaomhnú leasúcháin, an dá cheann ceaptha chun caomhnú bhailiúcháin an Mhúsaeim a chinntiú. Ba cheart measúnuithe caomhantais ar éadálacha féideartha a dhéanamh roimh iad a fháil, a thabhairt ar iasacht nó iad a thaispeáint, agus ba cheart monatóireacht a dhéanamh ar riocht na déantán agus na n-eiseamal sna bailiúcháin. Níor cheart bailiúcháin a choinneáil ach amháin i seomraí nó i bhfoirgnimh, atá slán ó thaobh struchtúir de agus inar féidir coinníollacha comhshaoil oiriúnacha a choinneáil do na hábhair atá i gceist.

***Bainistíocht*** – Tá Tionscadal Fardail Bailiúchán ar siúl chun tuairim is ceithre mhilliún déantán agus eiseamal a dhoiciméadú.. Meastar gur 789,000 líon na ndéantán a dteastaíonn iontrálacha aonair fardail uathu. Déanfar bailiúcháin taighde níos mó a thaifead ina ngrúpaí. Is ionann seo agus thart ar 900,000 taifead déantáin. In 2018, bailíochtaíodh 11,022 taifead san iomlán, rud a thugann líon iomlán na dtaifead bailíochtaithe ó cuireadh tús leis an tionscadal go 684,693.

***Diúscairt*** - Sula bhféadfar smaoineamh ar dhéantán a dhiúscairt, ní mór a fháil amach nach bhfuil na déantáin i gceist forshealbhaithe nó dífhorshealbhaithe. Is é an Bord a bheidh freagrach as cinneadh a dhéanamh chun eiseamal nó ar déantán a dhiúscairt, cibé acu trí mhalartú, díol, bronnadh nó scriosadh (i gcás déantáin a ndearnadh damáiste rómhór dó le húsáid) ag gníomhú dó ar chomhairle an Stiúrthóra agus foirne gairmiúla agus ní ar chomhairle choimeádaí an bhailiúcháin ag gníomhú ina (h)aonar.

Leagann leasú ar *Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta 1994* san *Acht um Fhorais Chultúrtha Náisiúnta 1997* (Alt 68(2)) amach an nós imeachta diúscartha i gcás déantáin seandálaíochta is maoin de chuid an Stáit mar a leanas:

"…Féadfaidh an Stiúrthóir, dá rogha féin, má tá sé nó sí den tuairim nach leor leas na seandálaíochta nó na staire chun an déantán a choinneáil chun údar a thabhairt lena choinneáil ag an Stát, an déantán a dhiúscairt ar cibé modh is cuí leis nó léi. ."

Ina theannta sin, deir an t-alt céanna den Acht:

"I gcás ina dtagann déantán seandálaíochta chun bheith ina mhaoin de chuid an Stáit agus go bhfuil an Stiúrthóir den tuairim gur chun leasa áitiúil seachas leasa náisiúnta den chuid is mó an déantán, féadfaidh an Stiúrthóir an déantán a chur faoi chúram músaeim ainmnithe."

Deir sé freisin:

"Ní dhéanfar déantán seandálaíochta a cuireadh faoi chúram músaem ainmnithe … a dhiúscairt ach amháin trína aistriú chuig músaem ainmnithe eile nó chuig Ard-Mhúsaem na hÉireann".

Caithfear aon airgead a fhaigheann an músaem ó dhiúscairt déantáin chun déantáin a fháil le cur leis na bailiúcháin ar mhaithe leis na bailiúcháin.

## 8.18 Soláthar le haghaidh Éileamh

**18. Soláthar le haghaidh Éileamh**

Cláraíonn na ráitis airgeadais ag deireadh na bliana soláthar le haghaidh éileamh de €232,020 (2020: €231,682) i leith 2 éileamh dliteanais phoiblí agus 2 éileamh dliteanais fostóra atá á láimhseáil ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát thar ceann Ard-Mhúsaem na hÉireann.

De réir FRS 102 alt 21, nochtar na méideanna seo a leanas maidir leis an soláthar le haghaidh éileamh ag deireadh na bliana:

| | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|
| **Soláthar dlí ag 1 Eanáir** | 231,682 | 383,377 |
| Glanmhéadú/(laghdú ar Sholáthar | 3,139 | (15,057) |
| Méideanna a d'íoc AMÉ | (2,801) | (136,638) |
| **Soláthar ag 31 Nollaig** | **232,020** | **231,682** |

## 8.19 Teagmhasachtaí

**19. Teagmhasachtaí**

Ní dhéantar foráil d'aon teagmhais sna Ráitis Airgeadais.

## 8.20 Imeachtaí tar éis an dáta tuairiscithe

**20. Imeachtaí tar éis an dáta tuairiscithe**

Bhreithnigh na Stiúrthóirí tionchar ráig COVID-19 ar oibríochtaí an Mhúsaeim. Tá na Stiúrthóirí sásta le luach luaite na míreanna stoic agus tá monatóireacht á déanamh i gcónaí acu ar thionchar ráig na n-oibríochtaí ar an Músaem. Tá na Stiúrthóirí sásta go leanfaidh an Músaem ag feidhmiú go ceann i bhfad.

Tá sé seo bunaithe ar athbhreithniú ar Réamhaisnéisí Airgid agus Pleanáil Buiséid don tréimhse chuntasaíochta. Déanann an Coiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú rialta ar na Cuntais Bhainistíochta chun comhairle agus nuashonrú a thabhairt don Bhord ar staid airgeadais Ard-Mhúsaem na hÉireann.

## 8.21 Nochtaí Páirtí Gaolmhara

**21. Nochtaí Páirtí Gaolmhara**

Ní raibh aon idirbhearta eile le páirtithe gaolmhara.

Is éard atá sa phríomhbhainistíocht an Stiúrthóir, Ceann na mBailiúchán agus na Foghlama agus Ceann na nOibríochtaí. Tá Ceann na mBailiúchán ar shos gairme faoi láthair ó mhí Feabhra 2019. Ceapadh an Ceann Bailiúchán agus Foghlama Gníomhach reatha in Aibreán 2019.

B’ionann an cúiteamh iomlán a íocadh le príomhbhainisteoirí agus €308,418, (2020: €292,327).

Tuarastal an Oifigigh Chuntasaíochta

Is é an tOifigeach Cuntasaíochta d’Ard-Mhúsaem na hÉireann an Stiúrthóir ceaptha ar Ard-Mhúsaem na hÉireann. Tá sonraí Tuarastail an Stiúrthóra tuairiscithe sa Ráiteas Airgeadais nóta 8.14 Tuarastail, (e) Tuarastail agus Sochair Stiúrthóirí.

Amhail an 31ú Nollaig 2021 tá an tOifigeach Cuntasaíochta de réir thuarastal reatha an Stiúrthóra ag grád N45 Príomhoifigeach Níos Airde móide Liúntas Ard-Dualgaise/Stiúrthóra le holltuarastal bliantúil de €119,405. (Amhail ag 31ú Nollaig 2020, €114,590).

## 8.22 Ceadú na Ráiteas Airgeadais

**22. Ceadú na Ráiteas Airgeadais**

Cheadaigh an Bord na ráitis airgeadais ar

Dáta: ________________________________